CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

Searmanas Gealltanais Shollúnta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Preaseisiúint Uimh. 174/26

Lucsamburg, 26 Samhain 2026

Gealltanas sollúnta os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ón bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach nua agus ó sheisear Ionchúisitheoirí Eorpacha

Le Cinneadh an 25 Márta 2026, cheap Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh Andrés Ritter (an Ghearmáin) ina Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpach nua ar feadh téarma neamh-inathnuaite 7 mbliana, ón 1 Samhain 2026. Tagann sé i gcomharbas ar Laura Codruţa Kövesi, an chéad Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpach, a thug gealltanas sollúnta os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 28 Meán Fómhair 2020, ag an suí sollúnta a eagraíodh d'insealbhú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) [1].

Le cinntí an 11 Feabhra agus 29 Meitheamh 2026, cheap an Chomhairle Jennifer Vanderputten (an Bheilg), Pavel Zeman (Poblacht na Seice), Philippe Jaeglé (an Fhrainc) agus Omar Caruana (Málta) ina nIonchúisitheoirí Eorpacha le OIPE ar feadh téarma neamh-inathnuaite 6 bliana, ón 29 Iúil 2026.

Le Cinneadh an 28 Meán Fómhair 2026, cheap an Chomhairle Tanja Frank Eler (an tSlóivéin) agus Christopher Wenzl (an Ghearmáin) ina nIonchúisitheoirí Eorpacha le OIPE ar feadh téarma neamh-inathnuaite 6 bliana, ón 7 Deireadh Fómhair agus ón 1 Samhain 2026 faoi seach.

Thionóil Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh searmanas gealltanais shollúnta inniu, ar 11.00, inar thug an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach nua agus an seisear Ionchúisitheoirí Eorpacha nua gealltanas go mbeidh siad go hiomlán neamhspleách i gcomhlíonadh a ndualgas chun leasa an Aontais ina iomláine, nach lorgóidh agus nach nglacfaidh siad treoracha ó aon duine ná eintiteas lasmuigh de OIPE, agus go mbeidh meas acu ar an dualgas rúndachta, maidir le haon fhaisnéis ó OIPE. Thug Koen Lenaerts, Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus Andrés Ritter óráidí ag an searmanas.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Is féidir íomhánna den éisteacht shollúnta a fháil ar Curia Web TV.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Féach Preaseisiúint Uimh. 118/20.